Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6343/26**

**SOC 84**
**EMPL 35**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Timthriall na Bochtaineachta a bhriseadh: Seirbhísí cumasúcháin agus gníomhachtúcháin duinelárnacha a fhorbairt<br>- *Seisiún tuairimíochta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, ag féachaint don seisiún tuairimíochta a thionólfar sa Chomhairle (EPSCO) an 9 Márta 2026.

**IARSCRÍBHINN**

## TIMTHRIALL NA BOCHTAINEACHTA A BHRISEADH: SEIRBHÍSÍ CUMASÚCHÁIN AGUS GNÍOMHACHTÚCHÁIN DUINELÁRNACHA A FHORBAIRT

### Timthriall na Bochtaineachta a bhriseadh

In 2025, san aitheasc ar Staid an Aontais, d'athdhearbhaigh an tUachtarán von der Leyen fís fhadtéarmach an Aontais, agus chuir sí in iúl go leagfadh an tAontas amach a phlean chun cuidiú leis an mbochtaineacht a dhíothú faoi 2050[1]. Tá brúnna leanúnacha na gcostas maireachtála, dúshláin mhaicreacnamaíocha agus dúshlán na neamhdheimhneachta airgeadais ag cur as do bhaint amach an chuspóra uileghabhálaigh sin san Aontas.

Is léiriú ar chineál ilghnéitheach na saincheiste sin dúshláin sheanbhunaithe, amhail bochtaineacht an lucht oibre, srianta tithíochta agus inacmhainneachta atá ag dul i méid chomh maith le líon suntasach na dteaghlach a bhfuil leanaí acu agus atá thíos leis an mbochtaineacht. Cuireann sin *i dtreis* go bhfuil gá le freagairtí beartais níos cuimsithí agus níos éifeachtaí. Áirítear ar na freagairtí sin ní hamháin tacaíocht leordhóthanach ioncaim a chur ar fáil dóibh siúd atá i ngátar ach feabhas a chur freisin ar an gcuimsiú gníomhach agus ar an rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha. Bíonn éifeachtaí doimhne marthanacha ag an mbochtaineacht luathshaoil ar an leibhéal aonair agus ar an leibhéal sochaíoch araon, rud a spreagann neamhionannais sa rannpháirtíocht shóisialta agus a threisíonn tarchur an mhíbhuntáiste ó ghlúin go glúin. Dá bhrí sin, tá sásraí coisctheacha níos láidre de dhíth orainn chun an dóchúlacht go dtitfidh daoine i mbochtaineacht a laghdú ar an gcéad dul síos agus chun aghaidh a thabhairt ag an am céanna ar an mbochtaineacht idirghlúine.

### Seirbhísí cumasúcháin agus gníomhachtúcháin duinelárnacha a fhorbairt

Tá sé cruthaithe gur bealaí éifeachtacha iad seirbhísí cumasúcháin agus gníomhachtúcháin duinelárnacha chun dul i ngleic le neamhionannais shóisialta agus daoine a chumhachtú chun a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach.

---

[1] An tAitheasc ar Staid an Aontais 2025

Tá sé ríthábhachtach infheistíocht a mhéadú i seirbhísí cumasúcháin atá comhtháite agus ar ardchaighdeán agus a bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu — lena n-áirítear seirbhísí cuimsithe sóisialta (mar shampla obair shóisialta, comhairleoireacht, cóitseáil, meantóireacht, tacaíocht shíceolaíoch, athshlánú) agus seirbhísí ginearálta cumasúcháin eile, lena n-áirítear oideachas agus cúram na luath-óige, cúram sláinte, cúram fadtéarmach, oideachas agus oiliúint, agus tithíocht — chun aghaidh a thabhairt ar chúiseanna struchtúracha na bochtaineachta agus timthriallta an mhíbhuntáiste a bhriseadh.

Tá sé ríthábhachtach tús áite a thabhairt do bheartais lena n-éascaítear rannpháirtíocht luath agus cúnamh pearsantaithe, lena n-áirítear measúnuithe ar scileanna aonair, comhairleoireacht ghairme agus deiseanna oiliúna nó athscilithe atá spriocdhírithe agus ailínithe le riachtanais mhargadh an tsaothair. Chun go mbeidh beartais ghníomhachtúcháin éifeachtach, tá sé ríthábhachtach go ndearfar iad de réir spriocanna, acmhainneachtaí agus chomhthéacs sóisialta an duine aonair, agus é á aithint go bhfuil féinchinntiúchán, naisc shóisialta agus féin-éifeachtúlacht ríthábhachtach chun timthriallta eisiaimh a bhriseadh. Le dearadh duinelárnach, cuirtear dínit, neamhspleáchas agus cead roghnachais chun cinn freisin.

Ag an am céanna, chun castacht na bochtaineachta a bhriseadh, tá gá le comhar ar fud na n-earnálacha — seirbhísí sóisialta, sláinte, oideachas, fostaíocht agus tithíocht, mar shampla — le conairí rianúla do dhaoine aonair chun rochtain a fháil ar a bhfuil de dhíth orthu ‘faoi aon díon amháin’ nó trí chórais atreoraithe chomhordaithe. Go sonrach, tá sé ríthábhachtach naisc idir córais cosanta sóisialta agus seirbhísí poiblí fostaíochta a neartú, agus is den ríthábhacht dreasachtaí a bheith ann freisin a fhágann go mbeidh an t-aistriú chuig an obair inmharthana agus inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de. Ní hamháin go dtacaíonn na cuir chuige chumasúcháin sin le lánpháirtiú i margadh an tsaothair ach cuidíonn siad le rannpháirtíocht shóisialta níos leithne, comhionannas deiseanna agus comhtháthú sóisialta a áirithiú freisin.

Ina theannta sin, trí pháirt a thabhairt d'eagraíochtaí áitiúla, grúpaí tacaíochta piaraí agus gníomhaithe pobail, rannchuidítear lena áirithiú go mbeidh na seirbhísí saincheaptha, spriocdhírithe agus inrochtana. Cothaíonn samhlacha pobalbhunaithe tacaíocht fhrithpháirteach agus caipiteal sóisialta freisin, ar príomhthosca iad sa chuimsiú inbhuanaithe.

Chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach leis na hidirghabhálacha, ní mór muinín a chothú, stiogmaí inmheánaithe a laghdú agus acmhainneachtaí bainistithe fadhbanna a fheabhsú chun torthaí sóisialta éifeachtacha a bhaint amach, i gcomhréir leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.

Leis an gcéad 'Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta' riamh, a sheolfar sa chéad leath de 2026, meastar go neartófar agus go gcuirfear i dtábhacht a thábhachtaí atá seirbhísí cumasúcháin agus gníomhachtúcháin duinelárnacha. Cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta chun an sprioc an bhochtaineacht a laghdú faoi 2030 a bhaint amach, is mall fós an luas foriomlán. Tá tionchar díréireach fós ag an mbochtaineacht ar mhná, ar theaghlaigh a bhfuil leanaí acu agus ar dhaoine atá i staid leochaileach, rud a chuireann i dtábhacht a phráinní atá sé gníomhaíochtaí níos comhleanúnaí, níos spriocdhírithe agus níos réamhbhreathnaithí a dhéanamh. Ní mór na beartais a bheith éifeachtach, ní mór go gcomhlánófaí seirbhísí feabhais leo agus ní mór go n-áireofaí orthu cuir chuige atá dírithe ar chosc. Ionas go n-áiritheofar nach bhfágfar aon duine ar lár, is den ríthábhacht comhleanúnachas agus comhordú na beartais a neartú ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, agus tríd an Seimeastar Eorpach.

**Cuspóir an tseisiúin tuairimíochta**

I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar na hairí a dtuairimí maidir le beartais éifeachtacha chun timthriall na bochtaineachta a bhriseadh a phlé le chéile, agus béim ar leith á leagan ar ról na seirbhísí cumasúcháin agus gníomhachtúcháin duinelárnacha. Is é is aidhm don phlé éascú a dhéanamh ar an gcíoradh ar an aistriú ó shochair airgeadaíochta amháin go cúnamh pearsantaithe iomlánaíoch tacúil agus seirbhísí comhchineáil. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh na hairí a machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir córais cosanta sóisialta agus seirbhísí gníomhachtúcháin a dhíriú níos mó ar an neamhspleáchas, an cuimsiú sóisialta agus an fhostaíocht.

**Ceisteanna le plé**

I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar na hairí a machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas:

1. *Cad iad na bearta atá á gcur chun feidhme agat a neartaigh go héifeachtach seirbhísí cumasúcháin agus gníomhachtúcháin duinelárnacha chun an bhochtaineacht agus/nó an t-eisiamh sóisialta a chosc;*

2. *Conas is féidir beartais chumasúcháin agus ghníomhachtúcháin dhuinelárnacha a leabú sa chéad Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta riamh atá ar na bacáin?*